AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 2 EAGRÁN 6 SAMHAIN-NOLLAIG 2015

BEANNACHTAÍ NA NOLLAG DAOIBH GO LÉIR

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag 2

Scéal an mhangaire éadaí 2

Scéal grinn 3

Dlúthdhioscaí 3

Ag fás aníos i ré eile II 4

An Daonlathas 4

Ionradh na mBrús ar Éirinn 5

Dealbh Shéas ag Oilimpia 6

Cluichí don Nollaig 6

Seosamh Mac Grianna 7

An fear a adhlacadh dhá uair 8

Máire Túdar agus Éire 8

Leabhair don Nollaig 9

Crosfhocal & Cuardach focal 10

An Cú Fánach 11

Banríon an Teicnidhatha 12

DEIREADH BLIANA

Seo an 18ú heagrán de "*An Taobh ó Thuaidh*". D'éirigh linn (Pádraig Mac Éil, Seán Ó Fearghail) sé eagrán a fhoilsiú i 2015 mar a gheall muid. Ba iad seo an 28 scríbhneoir a sheol ailt chugainn: Dónal Breatnach, Proinsias Brinkley, Sam Brown , Ciarán - Mullach Íde, Muireann Conway, Áine Dempsey, Bernie Kelly, Roibeárd Mac Cathmhaoil, Pádraig Mac Éil, Deasmhumhan Mac Gearailt, Derick Móicléir, Rita Ní Ghóilín, Cecily O'Donovan, Stiofán Ó hAoláin, Liam Ó Culbáird, Liam Ó Dónaill, Éamonn Ó Fearacháin, Seán Ó Fearghail, Ciarán Ó Foghlú, Fionn Ó Gráda, Seán Ó Mathúna, Seán Ó Meára, Nodlaig Ó Scurlóg, Antóin Ó Seaghdha, Diarmuid Ó Súilleabháin, Seán - Dún a'Bháid, Suzanne - Na Scéirí agus Úna Walsh. Míle bhuíochas dóibh go léir. Tá gá le níos mó alt i gcónaí chun go leanfaidh an iris ar aghaidh, go háirithe athscríbhneoirí (níos mó ná alt amháin!). Bunaíodh an iris chun deis a thabhairt do dhaoine a scríbhneoireacht i nGaeilge a chothú. D'fhreastal 120 ar an teacht le chéile in Wynn's le linn na bliana. Fuair mé alt ó 27 duine. Cad faoin 93 eile? Tá gá le 15-20 alt do gach eagrán. Déan do chuid chun an méid sin a fháil. Bíonn sé deacair dom na spásanna folmha a líonadh i ngach eagrán. Leanfaidh mé ar aghaidh i 2016 le sé eagrán eile mar mo chomóradh ar chéad bliain Éirí Amach na Cásca agus in ómós na nGaeilgeoirí a throid ann.

antaobhothuaidh2014@gmail.com

CEACHT BEAG GAEILGE: NA BUNUIMHREACHA

Nuair a leanann ainmfhocal an bhunuimhir seo iad na leaganacha:
aon (*amháin* ina dhiaidh), dhá, trí, ceithre, cúig, sé, seacht, ocht naoi, deich

Cuireann 1 séimhiú ("h") ar b, c, f, g, m agus p ach ní ar d, s, t
aon bhád, aon chat, aon phis, aon doras, aon traein, aon spúnóg, aon iris

Cuireann 2-6 séimhiú ar chonsain
sé mhadra, dhá dhoras, ceithre thraein, cúig shiopa, sé spúnóg, dhá iris

Cuireann 7-10 urú ar ghutaí, ar b, c, d, f, g, p agus t ach ní ar m ná s
seacht n-asal, ocht mbád, naoi bhfia, deich ndoras, naoi dtraein, deich madra, seacht spúnóg

Úsáidtear a tuiseal uatha tar éis na mbunuimhreacha

SEACHT LÁ DEN NOLLAIG

aon phatraisc (partridge)
dhá fhéarán (turtle-doves)
trí chearc (hens)
cúig fháinne (rings)
ceithre éan (birds)
sé ghé (geese)
seacht n-eala (swans)

eisceachtaí	2	3-6	7-10
bliain	bhliain	bliana	mbliana
ceann	cheann	cinn	gcinn
cloigeann	chloigeann	cloigne	gcloigne
fiche	fhichead	fichid	bhfichid
orlach	orlach	horlaí	n-orlach
pingin	phingin	pingine	bpingine
seachtain	sheachtain	seachtaine	seachtaine
troigh	throigh	troithe	dtroithe
uair	uair	huaire	n-uaire

Scéal an Mangaire Éadaí ag Gleann Dá Loch

Deasmhumhan Mac Gearailt

Bhí mé ag labhairt le mangaire éadaí, .i. fear a bhí ag díol scairfeanna, lámhainní agus nithe den saghas sin ar an tslí isteach go dtí sean-Chathair na Mainistreach i nGleann Dá Loch. Agus an uair go raibh mé ag cur ceiste air cén praghas a bhí ar phéire slipéir, dúirt sé liom scéal a tharla dó roinnt de mhíonna roimhe sin. An uair sin bhí bean as Meiriceá ag cur ceiste air faoi phraghsanna de gach uile rud a bhí aige cé go raibh na praghsanna le feiceáil ar an gcuid is mó díobh, agus an uair gur chuir sí ceist air, faoi phraghas na slipéar sin, ó bhí sé ag éirí bréan de na ceisteanna, thug sé freagra i gcipiléireacht chainte (flippant speech), agus dúirt sé: "*fiche euro ar an bpéire, agus mar sin níl ach deich n-euro ar an leath-shlipéar!*". Do bhris amach leamh-mheangadh (smirk) ar aghaidh na mná agus d'imigh sí léi. Cúpla nóiméad ní ba dhéanaí chonaic sé bean leathchoise ag siúl ina threo agus croisíní (crutches) faoi na hascaillí aici agus an bhean eile leis an leamh-mheangadh ar a haghaidh i gcónaí, agus is ansin do thuig sé gur chóir dó a bhéal a choimeád ina thost agus éirí as gach cipiléireacht chainte!

Fuair an bhean leathchoise an leath-shlipéar deas (right) a bhí uaithi ar dheich n-euro agus bhí an leath-shlipéar clé fágtha aige agus gach seans ann nach mbeadh bean leathchoise eile agus slipéar clé de dhíth uirthi ag teacht ina threo go deo na ndeor.

Is ea, nach féidir a rá gur chuir sé a dhá spág sa chac (he put his two flat feet in the excrement) le cipiléireacht a chuid chainte?!

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Cheannaigh Róisín vardrús leacphaca uathchóimeáil ón siopa Déan Féin É (Do It Yourself). Nuair a shroich sí a teach léigh sí na treoracha go cúramach, Chomhair sí na píosaí chun féachaint go raibh siad go léir sa bhosca agus chuir sí an vardrús le chéile ina seomra leapa. Bhí sí an-sásta léi féin agus leis an vardrús mar cheap sí go raibh sé go hálainn. Ach chónaigh Róisín cóngarach d'iarnród agus nuair a chuaigh an traein thar a teach thit an vardrús as a chéile. D'athléigh sí na treoracha agus chuir sí an vardrús le chéile arís ach nuair a chuaigh traein eile thart thit an vardrús as a chéile arís. Rinne sí an tríú hiarracht ach tharla an rud céanna don vardrús nuair a tháinig traein eile.

Briseadh ar an bhfoighne ag Róisín agus d'éirigh sí feargach. Chuir sí glaoch ar roinn sheirbhís custaiméara an tsiopa DFÉ chun gearán a dhéanamh. Dúirt siad go seolfadh siad feisteoir chun an vardrús a iniúchadh agus a chur le chéile i gceart. Tháinig sé, chuir sé an vardrús le chéile, tháinig traein agus thit an rud as a chéile. Chuaigh sé sa mhuileann ar an bhfeisteoir agus rinne sé dhá iarracht eile ach bhí a shaothar in aisce aige. "*B'fhéidir go bhfuil rud éigin mícheart taobh istigh den vardrús*", a dúirt sé leis an mbean, "cuirfidh mé le chéile arís é, *suífidh mé isteach ann leis an tóirse seo agus feicfidh mé an dtarlóidh aon rud as an ngnáth nuair a rachaidh traein thart*". Rinne sé beart de réir a bhriathar, shuigh sé isteach sa vardrús agus dhún sé an doras.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin tháinig fear céile Róisín abhaile agus chuaigh sé suas staighre go dtí an seomra leapa. Chonaic sé an vardrús nua agus dúirt sé "*Tá sin go hálainn. An bhfuil sé fairsing taobh istigh*?". Leis sin d'oscail sé an vardrús agus chonaic sé an feisteoir taobh istigh. Baineadh geit as an bhfeisteoir nuair a chonaic sé an fear agus tháinig imní air. Dúirt sé i nguth creathach "*Is dócha nach gcreidfidh tú é ach tá mé ar mo ghogaide anseo ag feitheamh le traein*"!

Foclóirín

vardrús - wardrobe; leacphaca uathchóimeáil - self-assembly flatpack;
Déan Féin É, DFÉ - Do It Yourself, DIY; treoracha - instructions; go cúramach - carefully;
chomhair sí - she counted; chuir sí le chéile - she assembled; seomra leapa - bedroom;
chónaigh sí - she lived; cóngarach do - adjacent to; iarnród - railway;
d'athléigh sí - she re-read; briseadh ar an bhfoighne ag - lost patience; feargach - angry;
chuir sí glaoch ar - she phoned; roinn seirbhís custaiméara - customer service section;
gearán - complaint; sheolfadh siad - they would send; feisteoir - fitter;
a iniúchadh - to inspect; chuaigh sé sa mhuileann air - he was baffled; iarracht - attempt;
in aisce - in vain; as an ngnáth - unusual;
rinne sé beart de réir a bhriathar - he suited his actions to his words; fairsing - spacious;
baineadh geit as - he was surprised; thainig imní air - he got worried;
guth creathach - trembling voice; ar mo ghogaide - on my hunkers; ;
nach gcreidfidh tú é - you will not believe it; ag feitheamh le - waiting for;



Amhrán is Fiche don Nollaig CD-ROM, Fios Feasa (€30)
Dúthaigh Dhuibhneach: Amhránaithe Chorca Dhuibhne RTÉ €12
Nan Tom Teaimín CICD 149 €8



AG FÁS ANÍOS I RÉ EILE - II

Antóin Ó Seaghdha

Gach maidin roimh dhul ar scoil, bheadh orm dul amach sna páirceanna agus na ba a thabhairt isteach sa scioból chun iad a bhleán. Ní raibh inneall bhleán againn agus mar sin bhíodh orainn é a dhéanamh le lámh. Obair thuirsigh ar dtús ach tar éis tamaill bheadh tú eolach faoi. Tar éis an bhleáin, bhíodh orainn an bainne a thabhairt go dtí an uachtarlann. Obair dheas é sin, mar bheadh tú ábalta bualadh le daoine eile sa scuaine agus bhíodh muid ag comhrá leo faoi fheirmeoireacht nó faoi pheil, nó faoi ábhar tábhachtach mar mhná, nuair a bhíomar ag fás aníos. Bhíodh an obair chéanna beagnach le déanamh gach tráthnóna.

Ní raibh teilifís, guthán ná gluaisteán sa teach, ná sa cheantar, ní raibh aon ghá leo siúd. Bhí capall agus madraí againn, cú chun dul ag fiach, slat iascaigh chun dul go dtí an abhainn áitiúil. Ní raibh na sléibhte i bhfad uainn chun dul ag dreapadóireacht agus bhí trá ghainmheach agus an fharraige in aice linn. Ba é an chaid an cluiche ab ansa i gCiarraí. Bhí beagnach gach caitheamh aimsire amuigh faoin aer ag an am sin.

Antóin agus an teach anois

Beagnach gach oíche, tar éis an Phaidrín (Rosary), bhíodh comharsana ag teacht isteach chun scéalta a insint, cartai a imirt nó caint faoi shaol i gcoitinne. Bhíodh na seanfhir ag caitheamh píopaí i gcónaí agus na mná ag cur snaoise (snuff) suas a srón. Saghas tobac í an snaois. Tá fhios agam fós ar ainm na snaoise, "*whitecap*" a tugadh air mar do cheannaigh mé é do mo sheanmháthair nuair a thosaigh mé ag obair. Nuair a bhíodh sé in am deireadh a chur leis an oíche timpeall meán oíche nó mar sin, deireadh mo sheanmháthair go raibh sé in am dul a chodladh agus chuireadh sí luaithreach ar an tine oscailte chun na gríosaí a choinneáil beo agus mar sin bheadh sé éasca an tine a shoilsiú ar maidin.

AN DAONLATHAS

Nodlaig Ó Scurlóg



Sorcha: Cad is brí leis an bhfocal sin, daonlathas?
Peadar: Is é sin an córas ina bhfuil vóta ag gach duine agus roghnaíonn siad na ceannairí ar an tír.

S: Ach tar éis toghcháin déanann siad pé rud is mian leo!
P: Bhuel, caithfidh siad aire a thabhairt ar na rudaí atá ag teastáil ag na daoine móra le rá.

S: Cé hiad?
P: Na comhlachtaí móra, an státseirbhís agus, am dá raibh, an Eaglais Chaitliceach.

S: Cad mar gheall ar na cosmhuintir?
P: Ní maith leo siúd ach cáin íseal agus seirbhísí poiblí maithe agus is dodhéanta an dá rud sin le chéile).

S: Cad atá ag teastáil ag na boic mhóra?
P: Deiseanna chun níos mó brabúis a dhéanamh agus neamhaird ar an bpobal.

S: Ní féidir leis bheith chomh dona sin.
P: Bhuel, uaireanta bíonn smaoineamh maith ag polaiteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm é.

S: An bhfuil aon rud níos measa ná an daonlathas?
P: Tá, ansmacht nó riail as tír eile.

S: Maith an fear go bhfuil an méid sin eolais agat; an féidir aon fheabhas a chur ar an scéal?
P: Is féidir ach caithfidh tú fanacht leis an gcéad eagrán eile don iris seo i gconhair an fhreagra.

IONRADH NA mBRÚS AR ÉIRINN

Pádraig Mac Éil

Corónaíodh Roibeard Brús ina Rí na hAlban i 1306 ach ní bhfuair sé seilbh iomlán ar a ríocht go dtí gur bhuaigh sé ar Éadbhard II, Rí Shasana, agus a arm ag Cath Allt a'Bhonnaich, 23-24 Meitheamh 1314. D'iarr Domhnall mac Briain Ó Néill, Rí Thír Eoghain, cabhair ón Albain ina throid i gcoinne na nAngla-Éireannach a bhí ag cur brú air. Bhí Roibeard gaolta le rítheaghlaigh Éireannacha ó thaobh a mháthar agus bhí sé báúil lena Gaeil. Bhí fonn air dara fronta ina chogadh in aghaidh na Sasanach a thosú in Éirinn freisin . Rinne sé iarracht Comhaontas Mór Gaelach a chur le chéile. I 1315 sheol sé litir chuig ríthe uile na hÉireann ag impí orthu cabhrú leis na hAlbanaigh in Éirinn. "*Tá an tsinsearacht (ancestry) Gaelach céanna, an teanga chéanna agus an nósmhaireacht chéanna againne agus agaibhse, ag ár muintir agus ag bhur muintir*," a scríobh sé. Thoiligh na Brúis cabhair a thabhairt do Bhriain Ó Néill ar choinníoll go n-aithneodh na Taoisigh Éireannacha a dheartháir Éadbhard (34 bhliain d'aois agus ina Iarla na Carraige/ Carrick) ó 1314) mar Rí na hÉireann (Ní raibh Ard-Rí in Éirinn ag an am).

Teacht go hÉirinn

Tháinig Éadbhard agus a arm (6,000 fear) i dtír in Éirinn cóngarach do Latharna, 26 Bealtaine 1315, bhuaigh siad ar arm de vasáilligh (vassals) Iarla Uladh (muintir Manderville, Bisset, Logan, Savage) faoi cheannas Sir Thomas de Manderville, ghabh siad baile Charraig Fhearghais agus i Meitheamh fógraíodh Éadbhard mar Rí na hÉireann. Fuair sé an chuid is mó dá thacaíochta ó lár agus ó Oirthear Uladh. Ní bhfuair sé mórán cabhair ná aitheantais ón gcuid eile den tír. Dhóigh a arm An Rath Mór cóngarach d'Aontroim, agus Caisleán de Róiste agus Dún Dealgan i gCo Lú. Chúlaigh siad ó thuaidh ansin agus scrios siad Cúl Raithin i mí Iúil. An mhí dár gcionn thrasnaigh siad an Bhanna chun bua a fháil ar Risteard Óg de Burgh (Iarla Uladh) ag Conair (?Connor) cóngarach do An Baile Meánach i mí Mheán Fómhair. I mí na Samhna tháinig arm Éadbhaird chomh fada le Ceanannas chun bua a fháil ar arm Angla-Éireannach Mortimer agus ansin, in Eanáir 1316, ar arm Butler agus Fitzgerald ag Ard Scol Co Cill Dara. Loit siad Baile Ghránard, Finnea, agus bailte eile. Corónaíodh Éadbhard mar Ard-Rí na hÉireann ag Cnoc Maeldúin cóngarach do Dhún Dealgan ar 2 Bealtaine 1316. Chaith an Rí Roibeard an chéad leath de 1317 sa tír ag cabhrú l'Éadbhard. Chuaigh siad i dtreo Bhaile Átha Cliath. D'ullmhaigh Gobharnóir na hÉireann John de Hothum cosaint na cathrach trí shéipéil agus tionóntáin (tenements) a leagadh chun clocha a fháil agus ballaí na cathrach a dhaingniú ach d'fhág na hAlbanaigh an ceantar agus chuaigh siad ar aghaidh go Cúige Mumhan. Ní bhfuair siad tacaíocht ó na hÉireannaigh ansin agus d'fhill siad ar ais ó thuaidh.

D'éirigh le harm Éadbhaird i gcath i ndiaidh catha ach theip orthu na ceantair a ghabh siad a choimeád. Fuair siad a mbia trí bhradú bia (pillaging) rud a chuir a lán de na hÉireannaigh ina choinne. Bhí Gorta Mór (1315-1322) ar fud na hEorpa freisin agus laghdaíodh an tArm trí ghanntanas bia agus trí ghalair a bhain leis. Faoi dheireadh ar 14 Deireadh Fómhair 1318 bhuaigh arm Sir John de Bermingham orthu agus maraíodh Éadbhard. Roinneadh a chorp ina cheathrúna agus seoladh go bailte éagsúla in Éirinn iad. Cuireadh a cheann go hÉadbhard II, Rí Shasana. Deirtear go bhfuil sé curtha sa reilig i bhFochaird (Faughart) sa Leithinis Chuaille (Cooley Peninsula), Co Lú. Ach cad a bhí fágtha dá chorp? In Annála Uladh scríobhadh seo faoi bhriseadh agus mharú Éadbhard Brús: "*Ní dhearnadh, ó thús an Domhain, gníomh níos fearr d'fhir na hÉireann. mar tháinig bás agus cailliúint daoine le linn a thréimhse in Éirinn*".

DEALBH SHÉAS AG OILIMPIA

Pádraig Mac Éil

Dealbh mhór (13m/43tr in airde) athair na ndéithe Gréagacha, Séas (Zeus) a bhí san Iontas seo a bhí suite i dteampall don dia in Oilimpia na Gréige. Ba é an t-aon iontas de na seacht gcinn a bhí ar mhórthír na hEorpa. Rinne an Gréagach, Féidias é timpeall 435 RC. Bhí Séas suite ar ríchathaoir ilchasta (elaborate throne). Dúirt an tíreolaí Strabó (1ú haois RC) faoin dealbh,



"*Cheapfá dá sheasfadh Séas go mbainfeadh sé an díon den teampall*". Níor thángthas ar aon chóip di riamh agus tagann an t-eolas faoina cruth ó sheanscríbhinní Gréagacha agus ó íomhánna de ar bhoinn (coins). Thug an taistealaí Pausanias (2ú haois AD) mionchuntas faoin dealbh. Creatlach (framework) adhmaid clúdaithe le plátaí eabhair (ivory) agus painéil óir a bhí ann. Bhí bláthfhleasc (wreath) de chraobhacha olóige (olive) ar cheann Shéas. Bhí cuaráin (sandles) órga air agus fallaing (robe) órga snoite (carved) le hainmhithe agus lilí (lilies). I lámh dheas Shéas bhí dealbh bheag de Nicé, bandia an bhua (victory). Bhí ríshlat (sceptre) sa lámh chlé inleagtha (inlaid) lena lán miotail ar a raibh iolar. Bhí an ríchathaoir déanta de chéadar (cedar) maisithe (ornamented) le héabann (ebony), le heabhar, le hór agus le clocha lómhara (precious stones). Dúradh gur shnoigh (carved) Féidias, "*Pantarkes kalos*", ainm a mhuirní (eronmenos), ar laidhricín (méar bheag) na deilbhe agus gur chuir sé rilíf den bhuachaill ag corónú é féin ag cosa Shéas.

De réir an staraí Rómhánaigh, Livias, bhí an ginearál Aemilias Pól (concar na Macadóine) "*corraithe dá anam* (*moved to his soul*) *mar a bheadh sé tar éis an dia féin a fheiceáil*". Dúirt an Gréagach Dio Criosastam (1ú haois AD) go ndéanfadh duine dearmad ar a thrioblóidí domhanda uile tar éis spléachadh (glimpse) amháin a fháil ar an dealbh.

Tá scéalta éagsúla faoi loit na deilbhe – sa 2ú haois AD, nó i 425 AD nuair a dódh an teampall ag Oilimpia nó sa tine mhór sa Lauseion, pálás i gCathair Chonstaintín, i 475 AD tar éis gur tógadh an dealbh ansin.

Ceardlann Fhéidias in Oilimpia

Thángthas ar cheardlann Fhéidias le linn tochailte seandálaíochta (1954-1958) cóngarach don áit a ndúirt Pausanias gur rinneadh an dealbh de Séas ann. Bhí uirlisí i gcomhair oibrithe le hór agus le heabhar, sliseoga eabhair (ivory chippings), clocha lómhara agus múnlaí (moulds) terracotta lena rinneadh plaiceanna chun fallaing na deilbhe a dhéanamh as leatháin (sheets) ghloine. Thángthas ar chupán inscríofa le "*ΦΕΙΔΙΟΥ ΕΙΜΙ*" ("*Is le Féidias mé*") ar an suíomh

CLUICHÍ DON NOLLAIG

Pádraig Mac Éil

Ardrí: Cluiche cláir do 2-4 imreoir (7+). Roghnaíonn gach imreoir píosa imeartha agus, le dísle agus 32 chárta sí, gluaiseann sé/sí thar chonstaicí chun teacht i gcabhair ar an Ardrí i dTeamhair. Leabhar Breac €16.26.

Monopoly as Gaeilge: an cluiche cáiliúl forbaithe sa teanga náisiúnta ag Glór na nGael agus le fáil ag udar.ie ar €50.

League Leader Iománaíocht as Gaeilge: an cluiche náisiúnta sa teanga naisiúnta! Le fáil ó An Siopa Leabhar, Sráid Fhearchair, €35.

SEOSAMH MAC GRIANNA

Seán Ó Meára

Ar léigh aon duine agaibh "*Mo Bhealach Féin*", nó "*An Grá agus an Ghruaim*", leabhair Sheosaimh Mhic Grianna (1900-1990)? Nó an bhfaca sibh an sárchlár faisnéise TG4 faoi theaghlach Mhic Grianna, Rann na Feirste; é féin, agus a dheartháireacha, Seán Bán is Séamus Ó Grianna (Máire), a d'fhág na scéalta agus na hamhráin linn?

Roinnt bliana ó shin chuas le Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge ar cuairt ar a mbaile, an teach atá anois in iarsmalann is gach ní ann mar a bhí lena linn, fiú na citil is na potaí is na trealaimh chistine a bhíodh á n-úsáid acu go laethúil.

Cuireadh in iúl dom rud a tharla i dtosach na Caogaidí is mé ag rothaíocht maidin bhreá ar bhóthar farraige imeall Eastáit Naomh Áine, cóngarach do Bhóthar an Mhuilinn Uisce. San am sin bhí geata iarainn i mballa ard an Eastáit timpeall céad slat ó chúinne an bhóthair sin. Díreach taobh istigh den gheata faoi bhun na hoitreach (bank) cré bhí iarmharán seantí báille (bailiff) suite i measc na gcrann. Is ar éigean a bhí díon air nó doras, na ballaí blosctha (cracked) agus na fuinneoga gan ghloine; ach bhí daoine ina gcónaí ann. Sheas bean amach ón ngeata is mé ag dul thart is stop sí mé. Bean scothaosta ab ea í, í gléasta go deas i mblús is i gculaith oifige, spéaclaí uirthi is canúint Shasanach nó tuaiscirt Éireann aici. "*Gabh mo leithscéal*", dúirt sí, "*an dtiocfá liom suas go dtí stáisiún na nGardaí i Ráth Eanaigh, tá lucht siúil ag goid soithigh uainn*".

Dúirt sí gur scríbhneoir clúiteach na Gaeilge a fear chéile, ach go raibh drochstad orthu anois, é ag dul in aois gan phingin is cineál suathráin (confusion) air ag tabhairt na n-árthach is na potaí don lucht siúil is nach dtabharfaidís ar ais iad. Bhí eagla uirthi rompu agus d'iarr sí orm siúl léi, rud a rinne mé. Ar Bhóthar an Mhuilinn Uisce chonaiceamar duine nó dhó agus gnúis (pus) orthu ach níor chuireadar isteach orainn. Chuaigh sí isteach sa stáisiún agus d'fhan mise lasmuigh. Shiúlamar ar ais le chéile ina dhiaidh sin. Ní raibh sí chomh suaite (upset) is a bhí roimhe agus dúirt sí liom gur thug na Gardaí gealltanas go dtiocfadh siad.

Cheana féin chónaíodar i gcarbhán ar mhullach Bhinn Éadair, áit ab éigean dóibh a thréigeadh. Bhí post beag aici i Scéala Éireann lena mac, Oisín. Ghabh sí buíochas dom is dúirt sí go gcuirfeadh sí in iúl dom é is a fear céile ach ní raibh fonn ar Sheosamh caint liom. Sheas sé ina chaipín taobh thiar den seomra, a chúl liom is é ag breathnú amach trí fhuinneog bhriste ag rá "*ah no, ah no*!". Níor theastaigh uaim mo shorn a shá isteach agus d'imigh mé. Ní raibh taithí agam ar a chlú an t-am sin.

Ní fhaca mé arís iad ach dúirt Colm Ó Torna go bhfaca. Agus bhí Proinsias Mac an Bheatha i dteagmháil leo de réir mar a chuala mé.

Pádraig Nugent ó Chlub an Chonartha a dúirt liom go raibh deireadh tragóideach leis an teaghlach sin a rinne éachtaí móra ar son ár dTeanga. Chuir Peigí, bean chéile Sheosaimh, lámh ina bás féin i 1959 agus bádh a mac an bhliain chéanna. Bhí scitsifréine ar Sheosamh agus chaith sé a lán dá shaol in oispidéal.

Go ndéana Dia trócaire orthu is iad a sheol go buan go dtí Gaeltachtaí na bhFlaitheas!

AN FEAR A ADHLACADH DHÁ UAIR

Antóin Ó Seaghdha

Bíonn an bua ag Ciarraí anois is arís i bpeil, ach i mbliana bhuaigh paróiste beag darbh ainm Brosna (An Bhrosnach), Cluiche Ceannais na hÉireann i gcomórtas sóisearach na gclubanna i bPáirc an Chrócaigh. Ní bheidh mé ag caint faoin éacht sin in aon chor, ach nuair a chonaic mé an fhoireann sin ag imirt, chuaigh mo smaointí ar ais go Aibreán 1979 agus rud as an ngnáth a tharla sa sráidbhaile sin, An Bhrosnach. Tá clú agus cáil ar an gceantar sin faoin gceol mar tá sé i lár Shliabh Luachra, ach ar ais chuig an scéal.

Bhí fear uasal darbh ainm Con Carey ag teacht abhaile ó theach comharsan ar oíche dhorcha fhliuch. Bhí sé tar éis uaigh a thocailt do dhuine a fuair bás sa teach, ach cad a tharla, thit sé go trom ar an mbóthar garbh, bhuail sé a cheann agus ní raibh aon duine in éineacht leis chun cabhair a thabhairt. Le linn na hoíche, fuair Con bocht bás ar thaobh an bhóthair.

Ba iad na rudaí a tharla ina dhiaidh sin a bhí neamhghnách. Cuireadh Con go han-tapa an lá dár gcionn, gan aon scrúdú ar chúis a bháis, gan a chorp a ghlanadh i gceart agus gan éadaí na marbh a chur air. Ní raibh roinnt de na daoine sa bhaile sásta le sin in aon chor ach ní bhfuaireadar aon sásamh ó na gárdaí ná ón sagart nuair a bhuaileadar leo. Mar sin, tháinig dáréag le chéile agus ghlacadar an dlí orthu féin chun an masla do Chon a cheartú. (They took the law into their own hands to correct the wrongdoing). Chuaigh an Daréag Aspal chuig an uaigh agus thochail siad Con amach arís. (The 12 Apostles (as they became known) went to Con's grave and dug him up). Níor tharla rud mar sin ó am Lazaras. Ghlan siad an corp, chuir siad na héadaí cearta air agus chuireadh ar ais san uaigh é.

Tar éis cúpla lá, tháinig an scéal amach faoin Daréag Aspal agus faoin gníomh a bhí déanta acu. Bhí an scéal ar an raidió agus sna nuachtáin. Chuaigh sé 'viral' mar a déarfaí inniu. Tháinig gardaí sinsearacha agus rinneadar iarracht ar na daoine ón Bhrosnach a chur faoi agallamh ach ní rabhadar in ann focal d'fháil ó aon duine, níor chuala éinne aon rud faoi uaigh Con. Chuir na gardaí cóid chuig Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (Director of Public Prosecutions). Ní raibh 'Lámh láidir an dlí' in ann muintir na Brosnaí a bhriseadh agus mar sin theip orthu aon duine den daréag a chur ós comhar na cúirte.

MÁIRE TÚDAR AGUS ÉIRE

Seán Ó Mathúna

Cé go raibh Máire Túdar ag cur daoine chun bás i Sasana nuair nach raibh siadsan toilteanach bheith ina gCaitiliceach, níor thug Máire aon chreidmheas do Chaitilicigh na hÉireann agus ní raibh aon fhadhb aici, ó thaobh moráltachta de, thalamh a ghoid ó mhuintir Uí Mhórdha agus ó mhuintir Uí Chonchúr i gcontae Laoise agus Uíbh Fhailí sa bhliain 1556 - an bhliain inar tharla an chéad phlandáil talún in Éirinn.

Máire agus a fear chéile, Pilib

Bhí cúis speisialta ag Máire é sin a dhéanamh mar bhí sí ag iarraidh a fear céile nua (Pilib na Spáinne) a shásamh. Ní raibh Pilib i ngrá le Máire ar chor ar bith agus ní raibh sé ina chónaí léi ach ar an gcor uair - bhíodh sé sa bhFrainc agus san Ísiltír. Nuair a phós Pilib agus Máire sa bhliain 1555 bhí Pilib ag tnúth leis go ndéanfaí Rí Shasana dó – rud a thosódh réabhlóid i Sasana. Níor thaitin Pilib leis an bPápa (Pól IV) ach oiread.

Chun Pilib a shásamh thug Máire Contae Uíbh Fhailí dó mar King's County/Contae an Rí agus cuireadh an ruaig ar Mhuintir Uí Chonchúir. Tógadh Dún speisialta ag baile an Daingin agus d'athainmníodh an baile go Philipstown. Rinneadh an rud chéanna i gcontae Laoise - Queen's County/Contae na Banríona agus d'athainmníodh baile Phort Laoise mar Maryborough agus cuireadh an ruaig ar Mhuintir Uí Mhórdha. Níor éirigh leis na plandálacha san fhadtéarma.

LEABHAIR DON NOLLAIG

Pádraig Mac Éil

Seo an t-am den bhliain a iompaíonn ár smaointe ar bhronntanais. Tá raidhse leabhar i nGaeilge le fáil chun spéis gach duine a shásamh agus gach stoca Nollag a líonadh. Tá an borradh i bhfoilsitheoireacht na teanga ar cheann de na forbairtí is mó a tharla i stair na Gaeilge. Tá na leabhair ann anois ach tá gá le níos mó léitheoirí!.Má thugann tú leabhar i nGaeilge do pháiste beidh tú ag cothú shíol na léitheoireachta. Mar sin níl leithscéal agat. Bí ag léamh i nGaeilge. Tá leabhair tharraingteacha ildathacha le fáil do pháistí ar phraghsanna atá mar an gcéanna leis an méid atá le híoc ar leabhair cosúil leo i mBéarla. Do pháistí óga tá *An Tíogar agus a Mhadra* (31 lch, €5), *Ná Gabh ar Scoil* (32 lch, €9.95), *Cúraille i gCeannas* (36 lch, €13.70), *Ababú, a Ghúgaí* (30 lch, €8.50), agus *An Gabhar a raibh an-ocras go deo air* (32 lch, €9.95).











Do pháistí níos sinne tá *An Capall Ocrach* (53 lch, €7.50), *Éalú as an Lios* (47 lch, €7.50), *Amhrán na Mara* (58 lch, €8), *Nollaig Shona, a Chúigir* (€5), *Eachtra Eibhlíse i dTír na nIontas* (192 lch, €12.95), agus *Scéalaíocht an Dúchais* (120 lch, €10). Má tá suim agat i bhficsean eolaíochta (science fiction) tá dhá úrscéal cháiliúil den seánra (genre) seo le fáil i nGaeilge anois, *Cogadh na Reann* (246 lch, €13.95) agus *An Fhondúireacht* (277 lch, €14.95). Chuir mé an dá cheann sin ar mo liosta chuig Daidí na Nollag!











Beimid ag comóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca i 2016 agus is maith an rud é go bhfuil leabhair faoin tréimhse sin le fáil i nGaeilge, mar shampla *Anois nó Riamh* (€7.50), *Na hÓglaigh sna Déise 1913-1916* (43 lch, €7.50), *Ná Bac Leis* (110 lch, €10) sa tsraith *Macallaí na Cásca*. Tá gá le níos mó leabhar ar na cúrsaí seo.





Tá raidhse leabhar ficsean le fáil freisin, mar shampla *Na Comharthaí* (236 lch, €18), *Scáil an Phríosúin* (385 lch, €12), *I dTír Strainséartha* (384 lch, €15), *Idir Neamh is Talamh* (168 lch, €5), *An Leabhar Nimhe* (130 lch, €11.95),agus *Dialann Shagart Tuaithe* (307 lch, €10). Tóg cuairt ar An Siopa Leabhar, Sráid Fhearchair nó féach ar **cnagsiopa.com** chun eolas faoi na céadta leabhar a fháil.











CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-18



TRASNA

1	members (6)
5	stream (6)
10	diamond (7)
11	property (7)
12	ageing (4)
13	armful (5)
15	youths (4)
17	weak (3)
19	reinforcement (6)
22	assembly (6)
23	disputation (7)
24	open (6)
26	completed (6)
29	sack (3)
31	dryness (4)
32	forward (5)
33	arch (4)
36	angel (7)
37	radiance (7)
38	show (3)
39	nail (6)
40	glaze (6)

SÍOS

2	youthful (7)
3	with you (4)
4	juniper (6)
5	grape-fruit (6)
6	lizard (4)
7	toy (7)
8	kindle (6)
9	apostles (6)
14	dross (7)
16	stallion (5)
18	dry (5)
20	waterfall (3)
21	apple (3)
22	come (3)
24	prescription (6)
26	protected (7)
27	snake (7)
28	atom (5)
29	lights (6)
33	osier-bed (6)
34	man (4)
35	hardship (4)



CUARDACH FOCAL 18

glasraí 1/ vegetables 1

E	N	I	S	I	P	C	Í	S	A	G	R	P	S	A
T	O	R	I	P	C	Ó	I	L	I	S	V	A	E	G
V	A	E	T	S	I	Á	N	O	I	P	S	Í	L	Ó
R	B	E	A	C	Ó	C	L	A	A	A	V	A	U	L
N	Ó	S	V	A	E	D	A	N	I	Ó	C	B	C	H
A	H	D	A	B	I	S	N	I	P	R	H	O	N	C
P	D	Ó	N	Á	C	A	E	B	N	T	Í	Á	R	A
A	A	I	L	I	E	G	A	D	H	N	S	I	L	B
E	É	V	D	S	V	A	E	O	D	O	E	D	A	E
V	R	H	I	T	S	R	R	P	I	S	A	A	N	A
S	I	P	E	E	Í	A	S	L	L	Ó	C	É	N	C
C	A	B	A	H	D	P	B	S	I	P	Á	R	A	N
Á	C	S	V	H	V	S	V	A	P	A	N	R	O	T
C	Ó	L	S	L	C	A	R	É	I	D	I	E	V	S

asparagas (asparagus)	cál (kale)
bachlóga (sprouts)	cóilis (cauliflower)
beacán (mushroom)	piseanna (peas)
bliosán (artichoke)	pónairí (beans)
brocailí (broccoli)	spionáiste (spinach)
cabáiste (cabbage)	svaeid (swede)
cinneann (leek)	tornapa (turnip)
cairéad (carrot)	ubhthoradh (aubergine)

antaobhothuaidh2014@gmail.com

AN CÚ FÁNACH

Derick Móicléir

Roinnt blianta ó shin bhí madra againn, cearbhchú Ioruach (elkhound), go raibh fonn mór taistil uirthi mar a bhíonn go minic ar a leithéid go dtí go dtagann ciall na haoise orthu. D'éalaigh ár madra as an ngairdín agus bhí sí ar iarraidh ar feadh sé seachtaine go dtí gur tugadh ar ais dúinn í. Anseo thíos an fháilte a chuireamar roimpi!



An Cú Fánach

1.
Náire ort, a choileáin chon
Dána do dhul amach thar chlaí
Aistear aonair ní chóir dhuit
D'fhuairis brón de bharr do spraoi.

2.
Sona suairc do shaol i bhfus
Creimeadh cnámh is tochailt tóna
Bia gach lá gan cíos gan cáin
Sáimhín só in am tráthnóna.

3.
Faraor níor leor leat lóistín cuí
Fuadaíodh thú iar dul ar fán
Le gadaí gránna d'fhág ár gcú
Fuar caillte cráite ar seachrán

4.
Sólás nár thuillis tharla dhuit
Dea-dhuine ad' tharrtháil ó'n tsráid
Is ghlac gan cíos do chúram air
Gur aimsigh sé d'úinéirí cáidh.

5.
Do shinsir seilge Lochlannaigh
Nó Bran barr-chú na bhFiann
Go deo ní fhágaidís na fir
Trua gan tusa bheith mar iad.

6.
A leisceoir liath an eireabaill chais
Fan ciúin id' áitreabh feasta
Bí umhal, bí uasal cosantach,
Bí aireach um ár ngeata.

7.
Is claon do chluas le héisteacht
A ce rappel a l'ordre
Bí dúthrachtach id' dhualgas
Sans partir et sans mordre!

CROSFHOCAL BG XBG-17: RÉITEACH

	1 B	2 A	I	3 N	N	4 E		5 M	I	6 O	T	7 A	L	
8 M		B		E		I		A		S		B		9 B
10 A	T	H	U	A	I	R		11 R	Ú	N	M	H	A	R
I		L		D		E		M		A		A		A
12 L	U	A	S		13 C	O	14 G	A	R		15 A	I	R	D
Í		N		16 L		17 G	A	R		18 B		L		Ó
19 S	U	N	T	A	20 S		I		21 C	R	Ó	L	22 A	G
				23 G	I	O	R	R	I	A			I	
24 L	U	25 S	T	A	N		D		26 C	O	R	27 C	R	28 A
E		A		R		29 M	Í	30 N		N		A		T
31 A	S	M	A		32 M	I	N	I	C		33 N	I	M	H
N		H		34 T		A		A		35 S		R		R
36 B	I	A	L	A	N	N		37 L	O	M	A	I	R	E
H		I		O		38 R	U	A		Á		Ú		O
	39 B	L	A	S	T	A		40 S	A	L	A	N	N	

CUARDACH FOCAL 17: RÉITEACH

A	B	U	A	T	R	O	M	B	Ó	N	É	A	D	O
S	D	R	U	M	A	Í	C	L	R	N	Á	D	R	R
D	A	É	N	R	U	F	L	O	T	E	O	G	O	G
N	É	C	L	A	I	R	H	Í	R	M	Ú	B	R	N
Ú	N	Ú	S	F	Ó	C	H	H	D	N	A	G	R	O
S	R	N	G	A	L	M	C	D	V	I	Ó	L	A	E
A	I	Ó	L	A	F	I	L	I	G	S	A	B	D	F
C	O	N	G	R	O	Ó	Ú	L	Ú	N	Ú	A	I	A
S	C	Ú	I	M	B	A	L	I	Í	I	A	S	É	S
A	L	S	B	A	S	U	N	L	T	Ú	B	E	N	C
F	L	A	B	Ó	B	Ó	H	E	D	E	I	N	R	A
Ó	L	B	S	Ú	N	D	E	V	Ó	V	O	L	I	S
N	L	I	H	D	I	E	V	D	R	O	D	G	A	É
É	I	F	L	E	I	T	E	O	G	L	B	I	L	A
D	N	Ó	V	A	S	C	A	S	L	B	M	O	C	D

SEANFHOCAL

Is treise peann ná buille

The pen is mightier than the sword

antaobhothuaidh2014@gmail.com

BANRÍON AN TEICNIDHATHA

Pádraig Mac Éil

Rugadh Maureen Fitzsimons in Éirinn, 17 Lúnasa 1920 agus tógadh i Raghnallach í. D'oibrigh a hathair sa ghnó éadaí agus bhí baint aige le Club Sacair Fhánaithe na Seamróige. B'iar-amhránaí ceoldráma a máthair. Bhí beirt bhuachailli agus ceathrar cailíní sa chlann. Oileadh Maureen sa drámaíocht agus sa deaslabhra (elocution) ó aois a sé. Bhí sí i gCompántas Amharclanna Ráth Maonais ó aois a deich agus fuair sí oiliúint freisin in Amharclann na Mainistreach. Chonaic an t-aisteoir Charles Laughton triail scáileáin (screen test) a rinne sí i Londain, thaitin a súile leis agus thug sé conradh seacht mbliana di lena chomhlacht féin. Ní shásódh dada Laughton ach go n-athródh sí a hainm go O'Hara. Rinne sí é sin go mífhonnmhar.

Cuireadh pósadh (1939) Maureen le George Brown ar neamhní (annulled) i 1941 agus cuireadh deireadh lena pósadh (1941) le William Houston Price i 1953 de thoradh mí-úsáid alcóil. Bhí iníon aici le Price, Bronwyn Bridget (1944) agus garmhac, Conor Beau FitzSimons, i 1970. Bhí comhchaidreamh (relationship) ag O'Hara le polaiteoir/baincéir Meicsiceach, Enrique Parra, ó 1953-1967 agus bhí meas mór aici air go lá a bháis. I 1968 phós sí Charles Blair, Jr, iar-Briogáidire-Ghinearál in Aerfhórsa Stáit Aontaithe Mheiriceá agus úinéir comhlacht aerlíne. Maraíodh é i 1978 nuair a tuairteáladh (crashed) a eitleán. Tar éis stróice i 2005 chónaigh Maureen i nGleann Garbh, Co Corcaigh. Chuaigh sí chun cónaí lena garmhac in Idaho, SAM i 2012 agus fuair sí bás ansin in Boisé, i mbliana ar 24 Deireadh Fómhair.

Ba é Alfred Hitchcock stiúrthóir a céad róil mhóir sa scannán, "*Jamaica Inn* (1939)" le Laughton. Rinne sí a dara scannán le Laughton, "*The Hunchback of Notre Dame* (1939) " i stiúideo RKO in Hollywood. Dhíol Laughton a conradh do RKO. Tar éis sraithe mionscannán bhí ról Angharad aici i "*How Green was my Valley* (1941)" leis an stiúrthóir John Ford. Ba é an chéad scannán teicnidhath (Technicolour) a rinne sí ná "*To the Shores of Tripoli* (1942)". Tugadh an t-ainm *Banríon an Teicnidhatha* uirthi mar chuir an próiseas seo an taobh is fearr dá gruaig rua, dá súile glasa agus dá snua (complexion) "péitseoga agus uachtair" (peaches and cream) amach (showed off to advantage). Scannán dá cuid a mbíonn an-tóir air ag aimsir na Nollag ná "*Miracle on 34th Street* (1947)" agus í i ról máthar cailín atá amhrasach faoi Dhaidí na Nollag. Bhí O'Hara i gcúig scannán le John Wayne, an chéad cheann "*Rio Grande* (1950)" agus an ceann is cáiliúla, "*The Quiet Man* (1952)", sa ról Mary Kate Danaher. D'éirigh sí as an scannánaíocht le ceann le Wayne, "*Big Jake* (1971)" agus le scannán teilifíse, "*The Red Pony* (1973)". Tar éis sosa fhada bhí sí in "*Only the lonely* (1991)" le John Candy agus i dtrí scannán teilifíse, an ceann deireanach ná "*The Last Dance* (2000)". Bhí guth an tsopráin (soprano) aici agus chan sí ar chláir theilefíse le Perry Como, le hAndy Williams agus araile. D'eisigh sí dhá cheirnín i 1960, *Love Letters from Maureen O'Hara* agus *Maureen O'Hara Sings her Favorite Irish Songs*. Foilsíodh a dírbheathaisnéis, "*'Tis Herself*", i 2004.

Ní bhfuair O'Hara ainmniúchán riamh do dhuais ó Acadamh Ealaíon agus Eolaíochtaí na Scannán (Oscar) ach tugadh duais oinigh (Honoury) di i Samhain 2014 leis an inscríbhinn " *do Maureen Ó'Hara, duine de na réaltaí Hollywood is gile, a raibh a léirithe (performances) spreagúla (inspiring) ag lonrú le paisean, le dúthracht agus le neart*". Ba í an dara bhean (Myrna Loy an bhean eile) a fuair an onóir seo.